

Ceisteanna Coitianta faoi moChúrsaí

Clár na nÁbhar

1. Cén fáth a bhfuil orm uimhir fóin póca nó uimhir líne talún a chur ar fáil?	2
2. Cén fáth a bhfuil orm seoladh ríomhphoist a chur ar fáil?	2
3. Céard a dhéanaim má tá aitheantas maoiné agus UAP agam cheana féin don CMÁ?	2
4. Tá mé ag déanamh iarracht clárú le haghaidh moChúrsaí agus tá mé ag fáil teachtaireacht ar mo scáileán le rá nach bhfuil rochtain ar moChúrsaí ag an uimhir PSP a cuireadh isteach. Cén fáth seo?	3
5. Chuir mé an fhaisnéis iarrtha ar fáil chun mo phasfhocal sealadach a fháil trí ríomhphost nó téacsteachtaireacht ach tá sé á sheoladh chugam sa phost. Cén fáth?	3
6. Céard a tharlaíonn má tá an tréimhse ama leis an pasfhocal sealadach a chur isteach tar éis dul in éag?	3
7. Ní bhfuair mé mo phasfhocal sealadach.	4
Ríomhphost	4
Post	4

1. Cén fáth a bhfuil orm uimhir fóin póca nó uimhir líne talún a chur ar fáil?

Is gá uimhir theagmhála a chur ar fáil ar an ábhar go bhféadfadh sé, i roinnt cásanna, go mbeidh orainn teagmháil a dhéanamh leat maidir le d'iarratas ar chlárúchán. Ina theannta sin, is gá uimhir fóin shoghluaiste a chur ar fáil má tá tú ag iarraidh do phasfhocal sealadach trí théacsteachtaireacht. Chomh maith leis sin, úsáidtear d'uimhir fóin póca mar chuid den áis 'pasfhocal dearmadta' atá ar fáil ar an leathanach sínithe isteach ar moChúrsaí.

2. Cén fáth a bhfuil orm seoladh ríomhphoist a chur ar fáil?

Is gá seoladh ríomhphoist a chur ar fáil ar an ábhar go seolfaidh muid, ó am go ham, ríomhphoist chugat le thú a chur ar an eolas go bhfuil rud éigin nua ar moChúrsaí. San áireamh leis seo, mar shampla, bheadh freagra ar fhiosrú a rinne tú (in M'Fhiosruithe) nó do Dheimhniú Creidmheasanna Cánach nua (in Mo Chuid Doiciméad). Ina theannta sin, is gá seoladh ríomhphoist a chur ar fáil má theastaíonn uait do phasfhocal sealadach a fháil tríd an ríomhphost. Chomh maith leis sin, úsáidtear do sheoladh ríomhphoist mar chuid den áis 'pasfhocal dearmadta' atá ar fáil ar an leathanach sínithe isteach ar moChúrsaí.

3. Céard a dhéanaim má tá aitheantas maoiné agus UAP agam cheana féin don CMÁ?

Féadtar teacht ar an gcóras ar líne CMÁ trí moChúrsaí nó tríd an tairseach ar líne reatha CMÁ. Má tá aitheantas maoiné agus UAP agat cheana féin don CMÁ, féadfaidh tú logáil isteach ar do thaifid CMÁ tríd an gcóras reatha CMÁ. Ní fhéadtar rochtain a fháil ar moChúrsaí le do shonraí logála isteach CMÁ. Má tá tú cláraithe le haghaidh moChúrsaí, áfach, beidh tú in ann rochtain a fháil ar do thaifid CMÁ ó moChúrsaí agus freisin beidh rochtain agat ar sheirbhísí eile in moChúrsaí, amhail seirbhísí ÍMAT.

4. Tá mé ag déanamh iarracht clárú le haghaidh moChúrsaí agus tá mé ag fáil teachtaireacht ar mo scáileán le rá nach bhfuil rochtain ar moChúrsaí ag an uimhir PSP a cuireadh isteach. Cén fáth seo?

Tá moChúrsaí ar fáil do gach duine aonair, custaiméirí atá cláraithe le haghaidh ÍMAT, CMÁ agus Cáin Ioncaim san áireamh. Ó mhí Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, tá moChúrsaí ar fáil do chustaiméirí atá cláraithe le haghaidh ROS, ach ní mór do chustaiméirí atá cláraithe le haghaidh ROS a dtuairisceáin chánach a thíolacadh ar ROS. Má tá dáta báis custaiméara ar ár dtaifid, cuirfear cosc ar an gcustaiméir sin rochtain a fháil ar moChúrsaí. Má tá ár dtaifid mícheart, ba chóir don chustaiméir teagmháil a dhéanamh lena n-oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun a dtaifead a thabhairt cothrom le dáta. I gcás custaiméirí a bhfuil W-uimhir acu (is é sin uimhir PSP a bhfuil W mar an dara litir ann, mar shampla 1234567TW) agus a thug an RGFCs a n-uimhir nua cothrom le dáta le huimhir nua uathúil PSP, ní mór dóibh an uimhir nua uathúil PSP sin ón RGFCs a úsáid. Seiceáil an comhfhreagras is déanaí a fuair tú ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón RGFCs chun d'uimhir PSP nua a dheimhniú. Déan teagmháil le d'oifig áitiúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim má theastaíonn tuilleadh cabhrach uait le teacht ar ROS.

5. Chuir mé an fhaisnéis iarrtha ar fáil chun mo pasfhocal sealadach a fháil trí ríomhphost nó téacsteachtaireacht ach tá sé á sheoladh chugam sa phost. Cén fáth?

Nuair atá sé indéanta an t-eolas a chuireann tú ar fáil a fhíorú láithreach, seolfar pasfhocal sealadach chugat tríd an ríomhphost nó trí théacsteachtaireacht. I gcásanna áirithe féadfaidh sé nach mbeidh sé indéanta an t-eolas a chuireann tú ar fáil a fhíorú láithreach agus seolfar pasfhocal sealadach chugat sa phost ina ionad sin.

6. Céard a tharlaíonn má tá an tréimhse ama leis an pasfhocal sealadach a chur isteach tar éis dul in éag?

Mura gcuirtear an pasfhocal sealadach isteach taobh istigh den chreat ama ceadaithe (1 uair le haghaidh pasfhocail shealadacha a sheoltar tríd an ríomhphost nó trí théacsteachtaireacht, agus 21 lá ó dháta na litreach le haghaidh pasfhocail shealadacha eisithe sa phost), beidh ort pasfhocal sealadh eile a iarraidh trí chlárú le haghaidh moChúrsaí arís nó trí chliceáil ar an nasc 'Pasfhocal Dearmadta' (i gcás custaiméirí atá cláraithe le haghaidh moChúrsaí cheana féin).

7. Ní bhfuair mé mo pasfhocal sealadach.

Téacs:

Mura bhfuair tú do pasfhocal sealadach tar éis aon uair a chloig, beidh ort clárú arís. Má chuir tú uimhir fóin póca eachtrach ar fáil, d'fhéadfadh sé gur chuir do líonra móibíleach bac ar an téacsteachtaireacht ina dtugtar an pasfhocal sealadach. Mura bhfuair tú do pasfhocal sealadach tar éis aon uair a chloig, beidh ort clárú arís agus roghnú do pasfhocal sealadach a fháil tríd an ríomhphost nó tríd an bpost.

Ríomhphost:

Mura bhfuair tú do pasfhocal sealadach, seiceáil d'fhillteán turscair nó dramhphoist ar dtús. Mura bhfuair tú go fóill é tar éis aon uair a chloig, beidh ort clárú arís.

Post:

Beidh ort clárú arís le haghaidh moChúrsaí.